

RÁITEAS MISIN

Sábháilteacht ar bhóithre a chur ar na súile do gach duine an aidhm atá ag Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féachann an Coiste lena aidhm a bhaint amach le cúnamh an phobail agus féachaint



Contae an Longfoirt

Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre

2015 – 2020



Leathanach Chlár an Ábhair

Clár an ábhair	2
Brollach – Bainisteoir an Chontae / Ráiteas Misin.....	3
Réamhrá.....	4
Próifíl	5 - 6
Sábháilteacht ar Bhóithre	7 - 10
Comhairle Chontae an Longfoirt (LCC).....	11 - 15
An Garda Síochána (AGS).....	16 - 17
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	18 - 19
Infreastruchtúr Iompair Éireann (TII).....	20
Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt (LCCC)	21
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).....	22
Pleananna Gníomhaíochta.....	23 - 24
Giorrúcháin na nEagraíochtaí.....	25

Brollach

Bíonn na mílte duine ag tiomáint ar na bóithre gach lá agus is mór againne sábháilteacht ar bhóithre.

Sa tréimhse idir 2007 go dtí 2013, maraíodh 1,605 duine ar bhóithre na hÉireann, 22 acu sin i gContae an Longfoirt. Ní chuirtear san áireamh leis an méid sin muintir na ndaoine maraíthe, a fhágtar faoi bhrón ina ndiaidh. Ná ní féidir fulaingt agus pian theaghlaigh agus chairde na ndaoine a maraítear nó a ghortaítear a thomhas leis na figiúirí céanna sin.

Fágann athruithe móra atá tagtha ar infreastruchtúr agus ar chur i bhfeidhm go bhfuil sé i bhfad níos sábháilte taisteal ar na bóithre anois. Mar sin féin, tá gá i gcónaí le hiarrachtaí i gcomhar agus tiomantas an Údaráis Áitiúil, An Gharda Síochána, an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Infreastruchtúr Iompair Éireann chun cúrsaí a fheabhsú amach anseo.

Is mar phlean comhordaithe le haghaidh an chontae ar fad a chuirimid an plean seo i láthair, agus lámh ag gníomhaireachtaí uile an Ghrúpa Oibre ann. Táimid dóchasach gur féidir linn ár n-aidhm a bhaint amach ach comhoibriú an phobail a fháil.

Tá áthas orm Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Chontae an Longfoirt, 2015-2020, a chur in bhur láthair.



Tim Caffrey
Príomhfheidhme
annach

RÁITEAS MISIN

"Sábháilteacht ar bhóithre a chur ar na súile do gach duine an aidhm atá ag Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féachann an Coiste lena aidhm a bhaint amach le cúnamh an phobail agus féachaint le líon na ndaoine a mharaítear nó a ghortaítear ar na bóithre a laghdú".

RÉAMHRÁ

Is í Comhairle Chontae an Longfoirt an tÚdarás Áitiúil i gContae an Longfoirt.

Tá daoine ó na gníomhaireachtaí seo a leanas ina mbaill de Choiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre: -

- Comhairle Chontae an Longfoirt
- Infreastruchtúr Iompair Éireann
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- An Garda Síochána
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An tSeirbhís Dóiteáin
- An Coiste Contae um Chúram Leanaí
- Páirtnéireacht Spóirt
- Ionadaí Tofa

Is é is cuspóir leis an bplean seo cur chuige comhardaithe, comhoibríoch agus comhsheasmhach a chinntiú i dtreo is gur féidir cúrsaí sábháilteachta bóthair a fheabhsú do chách. Faoi na ceithre ceannteideal seo a dhíreofar sa phlean cúig bliana seo. Oideachas, Innealtóireacht, Cur i bhFeidhm agus Meastóireacht. Is gá go mbeadh tacaíocht na mbunseirbhísí seo ann i gcaitheamh an ama chun go n-éireodh leis an bplean ríthábhachtach seo.

Oideachas

Aird agus feacht an phobail a dhíriú ar shábháilteacht ar na bóithre trí eolas a roinnt leo agus teacht ar thuiscint ar chontúirt na mbóithre, i dtreo is gur féidir meon agus iompar daoine a athrú ar bhonn aonair, pobail agus eagraíochta.

Innealtóireacht

An gréasán bóithre a bheith níos sábháilte agus níos tuisceanaí i dtaobh daoine a dhéanann botúin dhosheachanta.

Cur i bhFeidhm

Cur i bhfeidhm sofheicthe agus cuí ar shlí a chuirfidh bac ar dhaoine imeacht ó dhlíthe tráchtá bóthair agus a thabharfaidh orthu cloí leo.

Meastóireacht

Cinntiú go laghdaítear líon na ndaoine a mharaítear nó a ghortaítear go dona ar na bóithre trí thaighde leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha a ghlactar ar láimh.

PRÓIFÍL CHONTAE AN LONGFOIRT

Próifíl Daonra

39,000 duine atá ina gcónaí i gContae an Longfoirt de réir Dhaonáireamh 2011. 19,351 bean agus 19,649 fear.

An Líonra Bóithre

Mar seo a leanas atá rangú agus leithead na mbóithre:

Rangú	Ceantar Bardasach h	Ceantar Bardasach an Longfoirt	Ceantar Bardasach Bhaile Uí	Cilliméadair san iomlán
Náisiúnta	18.96	36.58	43.07	98.61
Réigiúnach	68.11	13.88	70.56	152.55
Áitiúil	709.11	151.09	504.49	1364.69
Iomlán	796.18	201.55	618.12	1615.85

Líon na nImbhualtí ar Bhóithre Náisiúnta, 2007- 2012

	2008	2009	2010	2011	2012	Iomlán
Líon na	279	238	212	186	162	1,415
Líon na	9,758	9,742	8,270	7,235	7,942	50,753

Líon na nImbhualtí ar Bhóithre an Longfoirt, 2007 - 2012

	2008	2009	2010	2011	2012	Iomlán
Líon na	3	2	2	2	5	14
Líon na	117	85	106	67	100	475

Líon na gCeadúnas Tiomána

2,474,786 Ceadúnas Tiomána a bhí eisithe in Éirinn an 31ú Nollaig 2014. 21,445 díobh sin a eisíodh i gContae an Longfoirt.

Ráta Pas an Scrúdaithe Tiomána i Longfort

2009	2010	2011	2012	2013
50.40%	59.91%	59.29%	62.95%	58.54%

Líon na bhFeithiclí ar gearradh cáin orthu i Longfort in 2014

19,425 líon iomlán na gcarranna ar gearradh cáin orthu in 2014. 26,633 líon iomlán na bhfeithiclí ar gearradh cáin orthu in 2014.

Torthaí NCT

2014	Pas	Teip - Diúltú	Teip -	Iomlán
Tástálacha	650,215 (48.4%)	689,253 (51.2%)	4,800 (.4%)	1,344,265
Atástálacha	620,469 (90.9%)	61,072 (9%)	824 (.1%)	682,365

Costas na nImbhuailtí Bóthair

Costas Imbhualadh Marfach	€2,706,144.00
Costas Imbhualadh ar drochghortú a thoradh	€361,531.00
Costas Imbhualadh ar mionghortú a thoradh	€35,607.00
Costas imbhualadh ar díobháil ábhair a thoradh	€2,849.00

[Staitisticí Imbhuaile an RSA](#)

Sábháilteacht ar bhóithre - Céard í féin?

Comhthéacs Áitiúil

Plean cúig bliana atá i bPlean um Sábháilteacht Bóthair chontae an Longfoirt, arb é is cuspóir leis cur chuige comhardaithe, comhoibríoch agus comhsheasmhach a chinntiú is dtreo is gur féidir cúrsaí sábháilteachta bóthair a fheabhsú do chách. Tá ról fíorthábhachtach ag an Oideachas, ag an Innealtóireacht, ag an gCur i bhFeidhm agus ag an Measúnacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

Seo a leanas aidhmeanna Phlean Sábháilteachta Bóthair an Longfoirt sna blianta amach romhainn:

- Cuspóirí a fhorbairt le himbhuailtí bóthair a laghdú agus a sheachaint
- Straitéisí a fhorbairt chun na cuspóirí seo a chur i gcrích
- Gníomhaireachtaí eile a thabhairt isteach sa phróiseas
- Córas monatóireachta le haghaidh chur i bhfeidhm an phlean a thabhairt isteach
- Gníomhartha a aontú a bhfuiltear le cur leo fad a mhairfidh an plean
- A chinntiú go mbainfear tairbhe as cur i bhfeidhm an phlean i ngach ceann de thoghcheantair an Longfoirt

Comhthéacs Náisiúnta

Is é an sprioc atá leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 - 2020 líon na ndaoine a mharaítear ar bhóithre na tíre de bharr imbhuailte a laghdú go dtí 25 in aghaidh an mhilliúin daonra nó níos lú ná sin faoin mbliain 2020. Is gá an méid seo a dhéanamh chun an bhearna idir Éirinn agus na tíortha is fearr ó thaobh sábháilteachta a laghdú.

Ciallaíonn sé seo go laghdófaí líon na mbásanna ó 162 in 2012 go 124 nó níos lú faoin mbliain 2020.

Tá sprioc shealadach leagtha síos freisin, áit a laghdófaí líon na ndaoine a ghortaítear go dona faoi 30% ar a laghad, ó 472 (2011) go dtí 330 faoin mbliain 2020, nó 61 duine in aghaidh an mhilliúin.

Tá cineálacha áirithe iompair aitheanta ag an RSA agus táthar ag súil go dtiocfaidh athrú orthusan de bharr na Straitéise seo, lena n-áirítear tiomáint faoi luas, cur isteach ar thiomáint duine de bharr alcóil, drugaí nó tuirse; gan crios sábhála agus srianta leanaí a úsáid, iompar míshábháilte i leith/ag daoine leochaileacha atá ag úsáid na mbóithre. Is i réimsí an Oideachais agus na Meastóireachta is mó a dhéanfaidh an RSA an dea-obair atá le déanamh.

Príomhchúiseanna le hImbhuailtí/Básanna/Gortuithe ar Bhóithre

- Ag tiomáint ar luas nach n-oireann do chúinsí tiomána
- Laghtiomáint - Alcóil/Drugaí/Tuirse
- Teip ar dhuine Criosanna Sábhála/Srianta Leanaí a úsáid
- Iompar míshábháilte i leith/ag daoine leochaileacha atá ag úsáid na mbóithre

Grúpaí Ardrioscaí ar Bhóithre

- Tiománaithe Fir/Paisinéirí atá idir 17-34 bliain d'aois
- Coisithe - go háirithe iad siúd atá 65 bliain
- An tAos Óg agus Daoine Aosta
- Rothaithe agus Gluaisrothaithe

Sa bhliain 2013, maraíodh seisear leanaí.

- Maraíodh 262 leanbh agus gortaíodh go dona 1115 páiste ar bhóithre na hÉireann idir 1997 agus 2012.
- Ar na leanaí a bhásaigh sa tréimhse seo, ní raibh crios sábhála nó srian do leanaí ar dhuine as triúr de na leanaí sin.
- Laghdaíodh líon na leanaí a bhásaigh 89% idir na blianta 1997 agus 2012, áit a raibh laghdú 42% ar dhrochghortuithe, laghdú 72.7% ar an líon coisithe a maraíodh, laghdú 100% ar líon na rothaithe a maraíodh agus laghdú 100% ar leanaí a bhí ina bpaisinéirí a maraíodh.
- Coisithe ba ea 44% de na leanaí a maraíodh idir na blianta 1997 agus 2012.
- Paisinéirí i gcairr ba ea 42% de na leanaí a maraíodh nó a gortaíodh go dona idir 1997 agus 2012.
- Buachaillí ba ea 59% de na leanaí a maraíodh sa tréimhse seo.
- Is iad na hamanna is mó a maraítear leanaí [ná] idir 4:00 and 5:59 sa tráthnóna agus i rith an tsamhraidh.



Is iad Cuspóirí an Phlean um Sábháilteachta Bóthair Longfoirt:

- Bóithre Chontae an Longfoirt a dhéanamh níos sábháilte do chách
- Feasacht an phobail a dhíriú ar shábháilteacht ar bhóithre
- Comhfhreagracht i leith na sábháilteachta ar bhóithre a chothú i ndaoine
- Reachtaíocht tráchta atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm
- Comhoibriú idir na gníomhaireachtaí atá ina mbaill den Ghrúpa Comhair maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre an Longfoirt a fheabhsú
- Tacú le prionsabail na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta 2013- 2020

Díreofar ar cheithre phríomhghné den tsábháilteacht ar bhóithre sa phlean seo: Oideachas, Innealtóireacht, Cur i bhFeidhm agus Meastóireacht. Beidh gach cineál duine sa phobal a úsáideann na bóithre i gceist leis an méid sin, lena n-áirítear daoine muinteartha, lucht soláthair an oideachais, daoine sa phobal, fostóirí, fostaithe agus lucht feachtais sábháilteachta ar bhóithre.



Seachbhóthar N5 an Longfoirt

RÁITEAS MISIN

Sábháilteacht ar bhóithre a chur ar na súile do gach duine an aidhm atá ag Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féachann an Coiste lena aidhm a bhaint amach le cúnamh an phobail agus féachaint



Thuas: Check it Fits Meathas Troim, An Longfort
Siopadóireachta

Thíos: Roll Over and Shuttle ag an Ionad



RÓL GACH GNÍOMHAIREACHTA



Comhairle Chontae an Longfoirt

Is í Comhairle Chontae an Longfoirt príomhaonad an Rialtais Áitiúil i gContae an Longfoirt. Comhaltaí a thoghtar go díreach chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann mhuintir an Chontae atá ar an gComhairle thofa. Cuirtear réimse seirbhísí riachtanacha ar fáil i roinnt Ranna taobh istigh den Chomhairle.

Leagtar amach thíos freagrachtaí na Ranna is mó a bhfuil baint acu le Sábháilteacht ar Bhóithre:



- Leanúint orainn pleanáil don aimsir ar bhealaí náisiúnta agus ar bhealaí nach bealaí náisiúnta iad
- Dearadh bóithre, cothabháil bóithre agus oibreacha feabhsúcháin Ualaí neamhghnácha a Cheadúnú
- Bainistiú tráchta, maolú tráchta agus páirceáil phoiblí
- Soilsiú poiblí a chur isteach agus a chothabháil
- Scéimeanna feabhsaithe sábháilteachta ar chostas íseal
- Scéimeanna feabhsaithe aomhal agus mion-athailínithe
- Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm teorainn luais
- Cothabháil gheimhridh

An tSeirbhís Dóiteáin

- Aghaidh a thabhairt ar imbhuailtí bóthair agus ar thimpistí eile a bhaineann leis na bóithre
- Daoine a bhíonn i dtaismí a thabhairt amach as feithiclí slán sábháilte, i gcomhar le Seirbhís Otharcharranna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-aistriú chuig ospidéal in otharcharranna.



Maor Scoile Sóisearach

Mótarcháin

- Feithiclí a chur faoi cháin

Pleanáil agus Forbairt

- Athbhreithniú ar iarratais phleanála agus a dtionchar ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar shruth an tráchta

Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre

- Seirbhís um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur ar fáil atá inniúlach, éifeachtach agus éifeachtúil
- A bheith freagrach as oideachas faoi shábháilteacht ar bhóithre a chur ar an bpobal, agus as poiblíú agus cur chun cinn an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Oiliúint rothaithe a eagrú
- Dul i gcomhairle le múinteoirí scoile agus le príomhoidí scoile
- Seirbhís tacaíochta comhairliúcháin a chur ar fáil do mhúinteoirí, do ghrúpaí súgartha, do naíonraí, do chlubanna óige agus d'eagraíochtaí cuí eile
- Scéimeanna do Mhaoir Scoile Sóisearacha a Chur Chun Cinn
- Seachtain na Rothar a Chur Chun Cinn



Dámhachtainí a Bhronnadh ar Mhaoir Scoile Sóisearacha

COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT (LSP)

- Faigheann Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Longfoirt (LSP) tacaíocht agus maoiniú ó Sport Ireland chun deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a chomhordú, a bheartú, a chur chun cinn agus a chur ar fáil go háitiúil. Is é ról an LSP eolas agus oideachas a chur ar fáil agus straitéis spóirt agus gníomhaíochta spóirt a chur i bhfeidhm i gContae an Longfoirt. Tá an LSP tiomanta oibriú i gComhar le gníomhaireachtaí eile agus mar chuid dá gníomhaíochtaí, cuireann sí Iompar Gníomhach chun cinn, amhail rothaíocht agus siúl. Tacaíonn an LSP le cláir agus seachadann sí cláir i scoileanna agus sa phobal. Tugann sí tacaíocht do dhea-chleachtas agus do threoirlínte atá eisithe ag an RSA, an Roinn Iompair, Sport Ireland agus ag eagrais eile náisiúnta.



Seachtain na Rothar

Sábháilteacht ar bhóithre a chur ar na súile do gach duine an aidhm atá ag Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féachann an Coiste lena aidhm a bhaint amach le cúnamh an phobail agus féachaint



Seachtain Rothaíocht chun na hOibre - Comhairle Chontae an Longfoirt





An Garda Síochána (AGS)

Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun an Straitéis um Póilíniú Bóithre seo againn a chur i bhfeidhm go rathúil, ceann d'fheidhmeanna an Gharda Síochána. Tá straitéis forbartha chun leanúint de líon na ndaoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar bhóithre a laghdú agus chun bóithre Chontae an Longfoirt a dhéanamh níos sábháilte. Mar seo a leanas a leagtar amach na cuspóirí agus an straitéis:

Cuspóirí:

- A mhinice a tharlaíonn gortuithe marfacha nó drochghortuithe a laghdú.
- Sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- Dearcadh lucht úsáidte na mbóithre a athrú
- Cur ina luí ar dhaoine déanamh de réir luasteorann, de réir reachtaíochta a bhaineann le tiomáint ar meisce, le criosanna sábhála a chaitheamh agus le gutháin phóca a úsáid le linn tiomána

Straitéis:

Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí:

Cur i bhfeidhm na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre a chomhordú trí dhul i dteagmháil leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le Comhairle Chontae an Longfoirt agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Seicphointí ilghníomhaireachta a chur i Rannán an Longfoirt ar bhonn rialta in éineacht leis an RSA, na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim) agus gníomhaireachtaí eile comhpháirtíochta.

Oideachas:

Níos mó cur i láthair a dhéanamh i scoileanna, i gclubanna agus in eagraíochtaí eile maidir le Feasacht i leith Sábháilteacht ar Bhóithre.

Cur i bhFeidhm:

Leanúint le hoibríochtaí i ndáil le:

- Tiomáint Róthapa, Tiomáint ar Meisce, Criosanna Sábhála.
- Tiomáint chontúirteach/mhíchúramach
- Sábháilteacht leanaí
- Bocrásairí
- Feithiclí Earraí Troma (HGV) a bheith slán sábháilte
- Rothar sábháilte
- Rialacháin i dtaobh trácht ar bhóithre
- Guthán póca á úsáid ag duine agus é ag tiomáint
- Lánúsáid a bhaint as trealamh braite agus teicneolaíocht chumasúcháin
- Ceamaraí sábháilteachta a shocrú in áiteanna ar dócha imbhuailtí tarlú iontu
- Leanúint le húsáid seicphointí chun Tástáil Alcóil Shainordaitheach (MAT) a dhéanamh
- Oibríochtaí a chur ar bun atá dírithe ar thiománaithe óga



Toradh: Seicphointí an Gharda Síochána

Ceamaraí Sábháilteachta

Tá ceamaraí sábháilteachta soghluaiste in úsáid ar bhóithre na hÉireann ón mbliain 2010. Ó mhí Eanáir 2016 amach, tá 727 limistéar gníomhach ann. Tá na ceamaraí seo in áiteanna ar maraíodh nó ar gortaíodh daoine de bharr luas míchuí.

Is féidir na háiteanna a bhfuil ceamaraí sábháilteachta ag na Gardaí ar bhóithre Chontae an Longfoirt a fháil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána: www.garda.ie



An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)

Eagraíocht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, atá ann de bharr Acht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006. Bunaíodh i Meán Fómhair 2006 é agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS), Infreastruchtúr Iompair Éireann (TII) agus an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta (NSC) a aistríodh a chuid feidhmeanna..

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre beatha daoine a shábháil agus gortuithe a sheachaint trí líon agus trí dhéine na n-imbhuailtí ar bhóithre a laghdú. Oibriú chun Beatha Daoine a Shábháil an sprioc sonraithe atá glactha ag Bord an RSA chuige féin.



Príomhfheidhmeanna

Féachann an RSA le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú in Éirinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- [Feachtais eolais agus oideachais](#) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa chaoi is ndíreofar aird an phobail níos mó ar shábháilteacht ar bhóithre agus tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- [Caighdeán feithiclí](#) a fheabhsú
- [Caighdeán le haghaidh teagasc tiomána](#) a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh air
- Seirbhís ceadúnas tiomána agus ceadúnas foghlaimeora a sheachadadh - an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnú Tiomána (NDLS)
- Oibriú le geallsealbhóirí chun freagairt straitéiseach chomhordaithe a chinntiú, agus a chinntiú go mbainfear úsáid as comhacmhainní go stuama agus go héifeachtach
- [Taighde maidir le himbhualtí agus sábháilteacht ar bhóithre](#) a ghabháil ar láimh chun bearta agus moltaí a fhorbairt a fheabhsóidh sábháilteacht ar bhóithre
- Comhairle a chur ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le beartais i dtaobh sábháilteacht ar bhóithre
- Maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, 2013 – 2020.





Infreastruchtúr Iompair Éireann

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (NRA) i 1994 faoi Acht na mBóithre, 1993. Sa bhliain 2015, rinne Infreastruchtúr Iompair Éireann (TII) an NRA agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) a chónascadh. Is é feidhm Infreastruchtúr Iompair Éireann (TII) líonra bóithre sábháilte agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothú. Is ionann a bhfuil i gContae an Longfoirt den ghréasán bóithre náisiúnta agus 98.61 ciliméadar. 1615.85 ciliméadar atá sa ghréasán bóithre poiblí ar fad sa tír. Seo a leanas na príomhbhóithre náisiúnta agus na bóithre náisiúnta den dara grád atá taobh istigh de Chontae an Longfoirt:-

An N4 Ón teorainn le Co. na hIarmhí i gCluain Faoláin go dtí an teorainn le Co. Liatroma i Rúscaigh.

N5 Ó Bhaile an Longfoirt go dtí teorainn Chontae Ros Comáin i dTearmann Bearaigh.

N55 Ón teorainn le Co. an Chabháin i gCloch Choirnéil go dtí an teorainn le Co. na hIarmhí in An Teanga. N63 Ó Bhaile an Longfoirt go dtí teorainn Chontae Ros Comáin i mBéal Átha Liag.

Ó tháinig ann dó, tá curtha de cheangal air féin ag an NRA/TII féachaint i ndiaidh cheist na sábháilteachta ar bhóithre a oiread agus a ligeann an phraiticiúlacht dó sin a dhéanamh. Baintear úsáid as faisnéis i dtaobh imbhualtí chun treochtaí a bhaineann leo a aithint agus cur chuige le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt arb í an fhaisnéis a stiúrann é. Tá an bunachar sonraí ar fáil d'aon pháirtí leasmhar chun críocha taighde freisin agus tá leas bainte as ag méid áirithe gníomhaireachtaí, coláistí agus institiúidí chun na cúiseanna atá le himbhualtí agus straitéisí lena seachaint a aithint. Cé gur ar an RSA a thiteann sé go hoifigiúil faisnéis na nGardaí i dtaobh imbhualtí a thabhairt le chéile ón mbliain 2006, leanfaidh an TII air ag scaipeadh na faisnéise atá ann cheana agus taighde a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis atá ann agus a bheidh ann amach anseo.

Déanann an TII anailís gach bliain maidir le scata carranna a bheith sa mhullach ar a chéile agus a bhuaileann faoina chéile (HD 15) ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Déantar eolas i dtaobh aon chnuasaigh imbhualtí a tharlaíonn ar na bóithre náisiúnta i Longfort a sheoladh ar aghaidh chuig roinn na mbóithre i gComhairle Chontae an Longfoirt. Socraíonn an TII Iniúchtaí um Shábháilteacht ar Bhóithre ó am go chéile chomh maith. Iniúchtaí iad seo a dhéantar ar na bóithre náisiúnta, agus cuirtear roinn na mbóithre i gComhairle Chontae an Longfoirt ar an eolas faoi cheisteanna a thagann aníos sna hiniúchtaí seo i dtreo is gur féidir bearta a fhorbairt sa mheántearma. Tá Innealtóir Réigiúnach ag an TII le haghaidh réigiún an Iarthuaiscirt chomh maith. Pléann sé seo le Sábháilteacht ar Bhóithre a théann i gcomhairle le Comhairle Chontae an Longfoirt agus le dreamanna sna contaetha eile sa réigiún sin, maidir le ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre sa Chontae.



COISTE CÚRAM LEANAÍ CHONTAE AN LONGFOIRT

Bunaíodh Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt (LCCC) sa bhliain 2001. Is leis an gCoiste is túisce a dhéanann an pobal teagmháil maidir le cúram agus oideachas na luath-óige. Feidhmíonn sé mar ghníomhaire áitiúil thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Is iad aidhmeanna foriomlána Choiste Cúram Leanaí an Longfoirt:

- Caighdeán chúram agus oideachas na luath-óige a fheabhsú
- Tacú le cur chuige comhordaithe maidir le cúram agus oideachas na luath-óige a chur ar fáil
- Tacú le teaghlaigh iad féin a scaoileadh ó chuing an bhochtanais
- Áiseanna agus áiteanna le haghaidh chúram agus oideachas na luath-óige a chaomhnú agus cur leo

Mar chuid dár dtionscnamh seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil, tá Coiste Cúram Leanaí an Longfoirt tiomanta do bheith ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun sábháilteacht ar bhóithre Chontae an Longfoirt a chur chun cinn. Is mór an tábhacht a bhaineann leis an luathoideachas chun aird an phobail a dhíriú ar cheist na sábháilteachta ar bhóithre agus chun go bhfoghlaimeoidís na scileanna cuí a chinnteodh go mbeidh siad slán sábháilte ar na bóithre. Bíonn Coiste Cúram Leanaí an Longfoirt i dteagmháil le lucht na seirbhísí réamhscoile agus iarscoile chun ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar a súile do leanaí trí:

- Imeachtaí/seirbhís 'Check it Fits' a chur chun cinn
- Lá 'Bíp Bíp' a chur chun cinn ar mhaithe le lucht seirbhísí chúram agus oideachas na luath-óige
- Áiseanna a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí chúram agus oideachais na luath-óige
- Aird an phobail a dhíriú ar dhea-chleachtas agus ar threoirilínte sábháilteachta
- Tacú le Seirbhís Oideachais an RSA maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre na Tíre



Naíolann Thír na nÓg



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) i mí Eanáir 2005. Dála mar atá leagtha san Acht Sláinte, 2004, is é cuspóir na Feidhmeannachta ‘úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil di sa tslí is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint’

Feidhmíonn an HSE laistigh de chreatlach *Éire Shláintiúil*. Is é *Éire Shláintiúil* an chreatlach náisiúnta, a ghlacann cur chuige uilíoch i leith an Rialtais agus i leith na sochaí trí chéile, sa tslí is go rachfar i mbun gnímh chun sláinte, folláine agus caighdeán beatha daoine a fheabhsú.

Mar bhall den ghrúpa “Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre” oibreoidh an HSE i gcomhar le baill eile den ghrúpa agus leis an bpobal i gcoitinne chun cabhrú le líon na ndaoine a ghortaítear agus a mharaítear ar na bóithre a laghdú agus a sheachaint. Déanfar an méid sin trí fheasacht i dtaobh sábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt agus a chur i gcrích, agus trí eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, mar a mbeifear ag díriú ar ghrúpaí áirithe.

Is é an aidhm atá againn cabhrú le méadú feasachta agus tuisceana maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Molaimid do lucht úsáidte na mbóithre a n-iompar agus a ndearcadh a fheabhsú i dtaca le sábháilteacht ar na bóithre agus cuirimid ar a gcumas sin a dhéanamh.

Pleananna Gnímh

Féachtar le cur chuige comhtháite a chur chun cinn sa Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre. Is sna ceithre réimse seo a leanas a fhéachtar leis an méid sin a dhéanamh: Oideachas, Innealtóireacht, Cur i bhFeidhm agus Meastóireacht. Tá na pleananna gnímh seo a leanas curtha in oiriúint do na réimsí thuasluaite ó thaobh struchtúir de agus eagraíocht cheannasach ceaptha le haghaidh gach uile ghnímh díobh sin.

OIDEACHAS	EAGRAÍOCHTAÍ CEANNASACHA	SPRIOCGHRÚPA	FRÁMA AMA
Scéim na Maor Scoile Sóisearach	LCC	Scoileanna Náisiúnta	Athbhreithniú Bliantúil
Clár Idirbhliana	RSA	Meánscoileanna	Athbhreithniú Bliantúil
Be Safe/Safe to School	LCC	Scoileanna Náisiúnta	Athbhreithniú
Veisteanna Sofheicthe HI a	Garda/HSE/LCC	An Pobal i gCoitinne	Bliantúil
Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun	Garda/HSE	Daoine Aosta agus Daoine a bhfuil	Athbhreithniú Bliantúil
Lá Bíp Bíp	LCCC	Seirbhísí Chúram agus Oideachas na Luath- Óige	Athbhreithniú Bliantúil
Taispeántas Bóthair	LCC/HSE/Garda/LCCC/RSA	Meánscoileanna	Athbhreithniú
Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun	RSA/LCC/HSE	Scoileanna Náisiúnta	Athbhreithniú Bliantúil
Check it Fits	RSA/LCCC/LCC	An Pobal i gCoitinne/Cúram na Luath-Óige	Athbhreithniú Bliantúil
Láithreán Gréasáin na Comhairle a Fhorbairt agus a Thabhairt	LCC	An Pobal i gCoitinne	Athbhreithniú Leathbhliantúil
Tionscnamh i dtaobh	LCC	Scoileanna Náisiúnta	Athbhreithniú
Tionscnamh píolótach i dtaobh Rothaíocht	LCC/LSP	TY - Meánscoileanna	Athbhreithniú Bliantúil
Bus Siúlóide	LSP/LCC	Leanaí scoile agus daoine fásta sa phobal	Athbhreithniú Bliantúil
Cláir a fhorbairt faoina dtairgtear do dhaoine rothaíocht agus siúl a dhéanamh mar mhalairt ar	LSP/LCC	Gach grúpa	Athbhreithniú Bliantúil
Dea-chleachtas a spreagadh agus daoine ag gabháil d'iompar gníomhach (e.g. clogaid a	LSP	Gach grúpa	Athbhreithniú Bliantúil

INNEALTÓIREA	EAGRAÍOCHTAÍ	FRÁMA AMA
Leanúint le hOibreacha Cothabhála Bóthair	LCC	Bliantúil
Plean Cothabhála Geimhridh a Chur i bhFeidhm	LCC	Bliantúil
Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal a Aontú	LCC	Bliantúil
Cigireachtaí a dhéanamh ar	LCC	Bliantúil
An Gréasán Bóithre a Athdhromchlú	LCC	Bliantúil
Scéimeanna Maolaithe	TII	Bliantúil
Maoiniú a Fháil chun Athlíniú agus Feabhas Beag Achomhail a dhéanamh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	LCC	Bliantúil
Bacainní Sábháilteachta a	LCC	Bliantúil
Tionscnaimh Pháirceála	LCC	Bliantúil
Clár Soilsithe Phoiblí	LCC	Bliantúil
Líneail Bóithre Náisiúnta	LCC/TII	Bliantúil
Rialú Ceadúnais Oscailte Bóthair	LCC	Seachtaí
Iarratais phleanála a scrúdú chun a dtionchar ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar shruth an tráchta	LCC	Seachtaí niúil
Gluaiseacht Ualaí Neamhghnácha ar Bhóithre Poiblí a Cheadúnú	LCC	Seachtaí niúil
Freagairtí Éigeandála	LCC	Laethúil
Comhghaol Staitisticí maidir le hImbhualtí ar Bhóithre	TII	Míosúil
Clár Seachanta Imbhualtí a Athbhunú	Garda/LCC	Ráithiúil

CUR I BHFEIDHM	EAGRAÍOCHT	FRÁMA AMA
Bac a chur ar Dhíol Feithiclí ar Bhóithre Poiblí	LCC	Seachta iniúil
Cionta Tráchta Bóthair a Bhrath	GS	Seachta

MEASTÓIREACHT	EAGRAÍOCHT	FRÁMA
Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre a	Gach	Bliantúil
Ceantair nach bhfuil mórán gníomhaíochta ar bun iontu a aithint, i.e. áiteanna nach bhfuil tús curtha le gníomhartha sceidealaithe, agus aiseolas a thabhairt don	Gach grúpa	Athbhreithniú Ráithiúil
Cruinnithe Coiste a Chur ar Siúl go rialta le haghaidh Nuashonrúcháin	Gach grúpa	Ráithiúil

Giarrúcháin na nEagraíochtaí

AGS	=	An Garda Síochána
HSE	=	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an tSeirbhís Otharchairr san áireamh)
TII	=	Infreastruchtúr Iompair Éireann
LCC	=	Comhairle Chontae an Longfoirt (an tSeirbhís Dóiteáin san áireamh)
RSA	=	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
LRSTC	=	Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre
DTTAS	=	
LCCC	=	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Coiste Cúram Leanaí an Longfoirt



RÁITEAS MISIN

Sábháilteacht ar bhóithre a chur ar na súile do gach duine an aidhm atá ag Coiste Comhoibrithe an Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féachann an Coiste lena aidhm a bhaint amach le cúnamh an phobail agus féachaint

BAILL COISTE COMHOIBRITHE AN LONGFOIRT UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

